

LEATHANACH 338

Dé Luain, an 20 Eanáir 2020

Saoirse Ronan ainmnithe do ghradam Oscar arís!

Tá Saoirse Ronan ainmnithe do ghradam *Oscar* don bhan-aisteoir is fearr arís i mbliana. Is é seo an ceathrú huair a fuair sí ainmniúchán *Oscar*. Cé go raibh sí ainmnithe roimhe seo, níor bhuaigh sí gradam *Oscar* go fóill.

Nuair nach raibh Saoirse ach dhá bhliain déag d'aois fuair sí a céad ainmniúchán dá páirt sa scannán *Atonement* [2007]. Agus fuair sí ainmniúcháin ó shin do na páirteanna a bhí aici sna scannáin *Brooklyn* [2015] agus *Lady Bird* [2017].

Tá an t-ainmniúchán is déanaí faighte aici mar gheall ar an ról atá aici sa scannán *Little Women*. Sa scannán sin tá ról Joe March aici agus tá sí go hiontach sa scannán.

Is í Greta Gerwig stiúrthóir an scannáin *Little Women*. Ba í Greta an stiúrthóir don scannán *Lady Bird* freisin.



Polaiteoir óg a bhfuil Gaeilge aige!

Beidh olltoghchán ar siúl ar an 8 Feabhra chun an chéad rialtas eile a roghnú. Is é seo an chéad uair go mbeidh an t-olltoghchán ar siúl ar an Satharn ó 1918.

Is é Tate Donnelly an t-iarrthóir is óige san olltoghchán. Tá Tate bliain is fiche d'aois. Tá Gaeilge líofa aige. Tá sé ag rith don Chomhaontas Glas i gContae Mhuineacháin agus an Chabháin.

Tá sé sa tríú bliain i gColáiste na Tríonóide agus é ag déanamh staidéir ar an Matamaitic agus ar an Eacnamaíocht.

Athruithe ar Fhoireann Rugbaí na hÉireann

Is é Andy Farrell an bainisteoir nua ar fhoireann rugbaí na hÉireann. Tá Johnny Sexton ainmnithe mar chaptaen nua aige. Is imreoir den chéad scoth é Johnny. Bhuaigh sé an gradam don imreoir rugbaí is fearr ar domhan sa bhliain 2018.

Tá roinnt mhaith imreoirí nua ar an bhfoireann chomh maith. Is imreoirí óga iontacha iad agus tá sceitimíní orthu an deis seo a fháil. Ina measc tá Max Deegan, Caelan Doris, Ronan Kelleher, Billy Burns agus Dave Heffernan.

Tá súil againn go n-éireoidh thar cionn leo i gcomórtas na Sé Náisiún i mbliana a thosaíonn i Mí Feabhra.

Aerfort Bhaile Átha Cliath oscailte le 80 bliain anuas!

Bhí ceiliúradh in Aerfort Bhaile Átha Cliath ar an 19 Eanáir chun a bhreithlá a cheiliúradh.

Osclaíodh an t-aerfort sa bhliain 1940 agus chuaigh an chéad turas ón aerfort go Learpholl. Ó shin, chuir siad fáilte roimh 580 milliún paisinéir san aerfort.

Bhí ceol agus spraoi san aerfort Dé Domhnaigh chun an ócáid seo a cheiliúradh.

